Bua éasca do Tírċonaill i mBaile na Scríne

Ní raiḃ ann aċ foireann amáin

Ḃuaiġ Tírċonaill go héascaiḋ i mBaile na Scrín, mar adúirt céana go mbuafaḋ agus ṫaisbeán siad go mbeiḋ siad ina n-iarraṫóirí láidir i 1966.

Imreoiḋ siad Fearmonaċ san ċluiċe leaṫ-ċeannais an Dr. Lagain i mBéal Áṫa Seanaiġ seaċtain ón Domnaċ seo ċugainn.

Cé gur ḃuaiġ Fearmonaċ ar Tír Eoġain a ṫreascair Tírċonaill ḃuaiġ Tírċonaill orṫa ċeana agus ba ċeart go mbeaḋ an bua leo arís gan trioblóid.

Fuair Tírċonaill scór a ḃí trí oiread scór Doire (21 pointí in éadan 6 pointe) agus ní raiḃ Doire ariaṁ aċ ag streaċailt ina ndiaiḋ.

Ní raiḃ an cluiċe ro ṁaiṫ den slua mór a ḃáiliġ ag féaċaint ar an aḃar go raiḃ sé ró leaṫ-taoḃaċ.

Sa ċéad leaṫ seasaiġ Doire ceart go leor aċ ar Dún na nGall féin is mó a ba ciontaiġ go raiḃ Doire ar tús 1-2 le 1-1 ag leaṫ ama. Ċuir tosaiṫe Tírċonaill an liaṫróid amaċ ar an taoḃ contráilte de na cuaillí sa ċéad leaṫ.

Aċ ní raiḃ ann aċ foireann amáin sa dara leaṫ—a ċruṫú sin go ḃfuair siad 2 ċúl agus 11 pointí os coinne an pointe amáin do Ḋoire.

An uair amáin a ṡocraiġ Tírċonaill síos ċun imirṫe ḃí deire le Doire. Fuair Doire an 2-1 sna céad 15 bomaite agus na ḋiaiḋ sin ní raiḃ toraḋ ar biṫ ar a saoṫar. Níor éiriġ le Seán Ó Conaill ró ṁaiṫ mar lán tosaiġ.

Firiṫéir agus Ó Gríobṫa, lár páirce a leag dúṡraiṫe bua Tírċonaill agus a ċoinniġ an liaṫróid go buan ar ṫalaṁ Ḋoire. Ḃí Ó Maolṫuile mar leaṫ ċúl láir ina cúltaca acu naċ dtiocfaḋ le ionsaí Ḋoire a ċlaoí.

Ṫiocfaḋ le tosaiṫe Tírċonaill déanaṁ níos fearr leis an méid liaṫróid a fuair siad. Cé gur feaḃsaiġ siad ag glacaḋ saor ċiceanna sa dara leaṫ.

B'iad a fuair scóranna do Ḋún na nGall: Mac Giolla Uain (1-2), Ó Seaġḋa (1-2), Ó hUallaċáin (1-1), Ó Cearḃall (0-3); Cáimbéal (0-2). Ó Maolṫuile agus Ó Gríobṫa point an duine.

Na Fanaiṫe ag Comóraḋ Éirí Amáċ

Tá áṫas orainn a ḟógairt go ḃfuil ar gclár do Ċomóraḋ an Éirí Amaċ socraiṫe againn.

'Siad na cuspóirí atá beartaiṫe againn ná:—

1, Ballraíoċt an ċumainn a dúbailt roiṁ Cáisc, 1966.

2, Cuairteanna a reaċtáil ar na háiteaċa in Áṫa Cliaṫ a ḃfuil baint acu leis an Éirí Amaċ.

3, Meiṫeál a ċur ċuig Gleannċolmcille. faoi Iúil nó Lúnasa, ċun cóṁar a ḋéanaṁ le muintir na háiṫe, ina n-iarraċtaí ċun geilleagair an ċeantair a ċur ar a ḃonnaí.

Ón uair a ṗléaḋ i dtús é, tá mórán daoine ag cur spéise inár mbeartas faoin meiṫeál do Ġleannċolmcille.

Is minic a ċuireann muintir na Gaeltaċta i leiṫ Gaeilgeoirí na Galltaċta, gur ar ṁaiṫe lena leas féin a ṫéann siad siar ag foglum na Gaeilge.

Tá togṫa orṫu tuairimí mar seo a ḃeiṫ acu, nuair naċ léir dóiḃ go ḃfuil luċt na Gaeilge sásta stró a ċur orṫu féin d'fonn an Ġaeltaċt a ṡlánú?

Tá súil ag NA FANAITE go léireófar amaċ anseo go ḃfuil fonn ar Gaeilgeoirí ann-tró a ċur orṫu féin ċun cur lena ḃfocail. Is rí-ṫáḃaċtaċ go léireófar seo ins na ceanntair breac Ġaeltaċta agus in áiteaċa ina ḃfuil an Béarla ag fáil an ḃuaḋ ar an nGaeilge.

Ċun tús a ċur le réitiú na faiḃḃe seo agus ċun beart, cinnte, praicticiúl a ḋéanaṁ leis an Éirí Amaċ a comóraḋ go cuí, beartaíoḋ an meiṫeál seo a ċur go Gleannċolmcille. Tá glacṫa ag an Aṫair Mac Duiḃir leis an tairiscint, agus tá súil againn slua mór a ċur ann faoi Iúil nó Lúnasa, 1966. Obair mar ṫoċailt seocanna do ṡoláṫar uisce a ḃéas á ḋéanaṁ againn.

Is eol dúinn go maiṫ go ḃfuil Gaeilgeoirí ar fud na tíre ar ṁaiṫ leo ḃeiṫ páirteaċ san obair seo, agus, mar sin, táimid ag taḃairt cuireaḋ dóiḃ caḃrú linn.

An té go ḃfuil speis aige san obair, scríoḃaḋ sé láiṫreaċ ċuig:

Maolṡeaċlainn Ó Caollaí (Rúnaí), 27, Br. Cur na Fuinnseóige, Tír an Iúir, Baile Áṫa Cliaṫ, 6.

Gleannḃarr

Tá préataí póir deiṁniṫe ag díol ar oċt bpunta déag an tonna. Tá seans go mbéiḋ préataí den uile ċineál, idir préataí póir agus préataí tábla go h-an daor ar an Earraċ seo ċugainn mar ġeall ar an ganntanas. Ṫuit an oiread sin fearṫainne riṫ an tsaṁraiḋ as ċuaiġ ṫart gur ṁeaṫ cuid mór de na préataí. Sin é cúis an ġanntanais.

Táṫar réiḋ le toiseaċt na scéim uisce Fanaide. Cuirfiḋ an scéim seo uisce ar fáil do aċan teaċ ins an leaṫinis móir seo. Is iontaċ an taḃrú atá ag teaċt ar tír na hÉireann ar fad le blianta beaga anuas.

Ba ḃoċt an t-éileaṁ agus ba beag an luaċ a ḃí ar ainṁiḋe den uile ċineál ar aonaċ an Ceaṫrúin Caoil. Táṫar ag dréim go mbéiḋ luaċ níos fearr ar an eallaċ indiaiḋ na Nollag.

Cé go ḃfuil scaipṫe maiṫ ag dul ċun an rang talṁaíoċta a d'foscail i nGleannḃarr ar an Luan as ċuaiġ ṫart ba cóir go mbeaḋ i ḃfad níos mó. Tá na ranganna seo go han táḃaċtaċ ⁊ tá cuid mór eolais le fáil ag duine a ġníos iad a freastail. An tUasal Ó Gallċoḃair, B.Agr., atá i mbun na ranganna.

Ceaṫrú Rua

Cúis bróin insan ċeantar bás Máirtín de Coursaiġ, Ceartrón, Baile na Cille, in aois a 84 bliana. Ḃí a ċúigear mac agus inion ag an soċraid nuair a ċuaiġ slua an ṁór leis an ċorp go reilig Ḃaile na Cille, taréis Aifreann Solunta na Marḃ, in Séipéal Baile na Cille.

...Ḃí slua maiṫ i láṫair ag an ċéilí mór insan halla anseo oíċe Domnaiġ seo ċaite, an 14ú lá. Banna Ceoil Corrib, a ṫug an ceol, agus ḃíoṫar breá sásta leo.

Tuar ṁaiṫ é don scoil mór coimsíṫe atá á ṫógáil san am i láṫair, an méid daoine anseo atá ag dul ar aġaiḋ lena gcuid oideaċas taréis aois na scoile náisiúnta. Tá timpeall 100 buaċailllí agus cailíní ón taoḃ ṫiar den ċuan, ag freastal ar an scoil gairmoideaċas, agus meánscoil na Toirḃeirte, sa gCeaṫrú Rua. Tagann siad ar ḃusanna ó Leitir Mealláin. Tír an Ḟiaiḋ, Leitir Mór agus Béal an Daingean. Naċ sompla maiṫ é seo ar an ċaoi a d'féadfaí cúrsaí oibre a ráiteaċ freisin. Monarcan in áit mar Ceaṫrú Rua, agus busanna leis na h-oibriṫe a ṫaḃairt isteaċ ón tír magcuairt.

Droċ aonaċ ar fad a ḃí i nDoire Niaiḋ, an tseaċtain seo caite; an ceann is measa adeirtear, ó aimsir cogaḋ eacnamiciúil. Ní raiḃ mórán eallaċ ann, agus an méid a ḃí, ní raiḃ fear á ḃfiafraí Cé is móite den ċor ċeannaiṫeoir anuas óna sléiḃte. Tugaḋ an ċuid ba ṁó acu aḃaile arís. Ní ḋearna luċt na gcáḃán mórán gnóṫa. Aċ sin is eile, ḃí cruinniú mór daoine ann, mar a ḃíonn gaċ lá aonaiġ agus ḃíodar ann gur ḋíbir an ḋorċadas iad.

Coṁġáirdeas le Pádraic Ó Báin. Claiḋneaċ, a glaoḋ ċuig Príoṁ-Áras Traenála na nGárdaí, i dTeampall Mór, cúpla seaċtain ó ṡin. Ḃí a aṫair, naċ maireann, ina Ġárda ar feaḋ blianta fada, agus é ar seirḃís i Leitir Mór, Cárna, agus sa gCeaṫrú Rua.

An ḃfuiltear ag stopaḋ den ṗoitín. nó an ḃfuiltear á ḋéanaṁ níos mó faoi ċeilt? Cibé ar biṫ, ní raiḃ aon ċúis poitín ag Cúirt Doire Niaiḋ Dé Máirt, ná ag Cúirt na míosa seo caite aċ aċ oiread. Deirtear go ḃfuil na stiléaraí ag croċaḋ suas na uirléisí mar go ḃfuil anfaire ró ġéar ag na gárdaí orṫa, agus pianús na cúirte an daor. Dúnfaiḋ séo suas na sibíní coṁ maiṫ.

An Roinn Talṁaíoċta agus Iascaiġ

Bonus ar Díol Turcaiṫe Óga

Fógraíonn an tAire Talṁaíoċta agus Iascaiġ go leanfar leis an scéim le bonus a íoc ar díol turcaiṫe óga ó ġorlanna i 1966 ar an ḃunús céanna agus a ḃí in 1965.

Túsnaíoḋ an scéim i mí Eanair, 1965, agus níonn sé soláṫar fá ċoinne bonus 1s. 6d. an turcaċ óg a íoc leis na gorlanna céadaiṫe ar díolaċan turcaiṫe óga le luċt tógála turcaċ ar ċoinníoll go ndíoltar na turcaiṫe óga leis na tógáiliṫe taréis iad a ṡeaċadú ar luaċ naċ raċaiḋ ṫar 4s. an t-éan. Ní ḃaineann an scéim aċ amáin le turcaiṫe óga le tógáil agus le reaṁrú i gclós an unaera .i. sé sin ní ḃeiḋ sé le fáil ar ṫurcaiṫe óga a onnmuraítear óna gorlanna nó a díoltar le honnṁuraḋ nó turcaiṫe óga fá ċoinne gnóṫa tógála turcaċ.

Is féidir liosta de ġorlanna turcaċ a ḟáil ón Rúnaí, Roinn Talṁaíoċta agus Iascaiġ (Rannóg Eanlaiṫ agus Uiḃeaċa) Teaċ I.C.T., Boṫar Adeláid. Baile Áṫa Cliaṫ, 2.

8ú Samain, 1965.

Taḃaċt Luċt Fágalta Scoile Don Teanga

Molann Ó Faċtna Dóiḃ Leanúint le Scríoḃaḋ na Gaeilge

Ag bronnaḋ duaiseanna ar aistí a scríoḃ luċt meán scoile, rinne Pádraiġ Ó Faċtna, T.D., Rúnaí Pairliminte na Gaeltaċt tagairt don ċaill don Ġaeilge naċ leanann scoláirí di taréis fágála na scoile.

Dúirt sé go raiḃ géarġá le scríoḃnóirí Gaeilge agus ṁol sé do scoláirí na meánscol leanúint ag scríoḃaḋ taréis dóiḃ an scoil a ḟágáil.

Más áḃar misniġ dúinn é sin, áfaċ, tá gné eile den scéal arb eol dúinn uile í ḃeiṫ mí-ṡásúil: is é sin a ṁéid den saiḃreas Gaeilge sin a ṫéann amú ċeal úsáide i ndiaiḋ aois fágáil na scoile. Ḃfuil cúis ar biṫ ann, dáiríre, go gcaiṫfeaḋ an scéal a ḃeiṫ amlaiḋ feasta? Ní hé mo ṫuairim go ḃfuil má ċuirimid ċun na hoibre i gceart. Tá eolas maiṫ ar an nGaeilge anois ag an aos scoile, go háiriṫe luċt meánscoile, agus tá líon n daltaí meánscoile ag méadú go géar. Ina ṫeanta sin, tá mórċuid eagras ann atá ag iarraiḋ a gcuid oibre ar fad, nó roinnt di ar a laġad, a ḋéanaṁ trí Ġaeilge. Measaim gur laige é i nGluaiseaċt na Gaeilge i láṫair na huaire naċ ḃfuil caidreaṁ mar ba ċóir ann idir na heagrais atá fáḃraċ d'úsáid na Gaeilge agus daltaí atá ag druidim le haois fágáil na scoile. Ní féidir a ṡéanaḋ go gcailleann an Ġluaiseaċt, mar sin, iliomad oibriṫeoirí agus díograiseoirí a d'féadfaḋ éaċt a ḋéanaṁ ar ṁaiṫe leis an nGaeilge. Agus tá gá leo uile má tá an raṫ le ḃeiṫ ar ár n-iarraċtaí.

Le tamall maiṫ anuas ḃí gluaiseaċt na haṫḃeoċana — ó ṫaoḃ an Stáit de—díriṫe cuid mór ar an aos scoile agus. ar ndóiġ, is cinnte naċ ḃféadfaí an Ġaeilge a ṫaḃairt arais ċor ar biṫ mura dtosófaí ar an mbealaċ sin. Is ró-ṁiṫid dúinn anois, áfaċ, díriú ar an bpoḃal fásta agus, ċun na críċe sin, tá caḃair naċ raiḃ ar fáil ċeana á ṫaḃairt ag an Stát do ċuid ṁaiṫ eagras atá ag freastal go príoṁa ar ḋaoine fásta. Iarraim d'aċainí anois ar na heagrais sin i gcoitinne gaċ diċeall a ḋéanaṁ d'ḟonn teaċt ar an iliomad Gaeilgeoirí maiṫe atá ag fágáil na scoile gaċ bliain le go gclárófar iad mar ċoṁaltaí ċun go mbeiḋ siad mar ṫacaíoċt ar ball do na daoine fásta a ḃfuil caḃair ag teastáil go géar uaṫu i ndáil le reaċtáil agus leaṫnú na n-eagras sin. Ar an taoḃ eile de, iarraim d'aċainí ar na daltaí scoile féin féaċaint ċuige, sula ḃfágfaiḋ siad an scoil ina ndiaiḋ, go mbeiḋ teagṁáil acu le cibé eagras Gaeilge is ansa leo féin.

Tá súil agam go mbeiḋ taḃairt-amaċ an lae inniu ina áḃar misniġ ní haṁáin do na duaiseoirí atá anseo i láṫair aċ do na hiomaiṫeoirí uile sa ċomórtas ċun leanúint ar aġaiḋ le scríoḃ na Gaeilge ċoṁ fada lena gcumas. Ní ḃeinn ag súil go dtiontóḋ gaċ duine acu amaċ ina scríḃneoir gairmiúil aċ, ag an am céanna, níor ċóir dóiḃ an bua atá acu a ligean i léig. I gcás na nduaiseoirí go háiriṫe, ḃeaḋ dóċas agam go ḃfeicfear a n-ainmneaċa go minic mar scríḃneoirí Gaeilge sna blianta atá romainn. Tá an t-uafás oibre le déanaṁ go fóill i ngaċ gné de scríḃneoireaċt na Gaeilge agus táimid ag braṫ go mór ar luċt meán scoile ċun cuid den obair táḃaċtaċ sin a ṫaḃairt i gcríċ.

Carna

Cúis bróin sa ċeantar, bás Alfred Mann, ag a ṫiġ cónaí féin i gCarna. Iar Stát-Seirḃíseaċ a ḃí ann, a ḃí ag obair i Rannóg Ċustaim agus Mall. agus ḃí sé ar seirḃís in áiteaċa éagsúla ar fud na hÉireann. Fuair a ḃean bás roinnt blianta ó ṡin. Duine de Ṁuintir Ċloċarta, as Carna. Taréis Aifreann Solúnta na Marḃ i Séipéal Carna, ċuaiġ an soċraid go reilig Muiġinis. Nítear coṁḃrón le Bean Ṡeáin Móilett, Bean M. Bacster, agus Siún Mann, iníonaċa; Bean D. Mac Maṫúna, deirfiúr, agus na gaolta uile.

An tseaċtain seo caite, beannaíoḋ agus h-osclaíoḋ scoil nua do ḃuaċaillí i gCloċ na Rón. Ba é Mr. S. Rattigan, Milltown, Co. na Gaillimhe, an conraṫóir, ⁊ rinne sé a ċuid oibre go breá. Bráiṫreaċa Naoṁ Proinnsias, Cloċ na Rón, atá i mbun na scoile. Roiṁ an oscailt oifigiúil léiġ an tAṫair L. Discin, Riartóir, Aifreann insan scoil agus ḃí poḃal mór i láṫair.

Sa Dáil, ċuir Seán Mac Eoċagáin, ceist ar an Aire Rialtas Áitiúil, ar ṫug sé údarás fá ċoinne tógáil leiṫreas poiblí ag an Cloċán. An Cleigeann, Lionán, Clonbur, Uaċtar Ard ⁊ An Spidéal, agus má ṫug, cé'n uair a ḃí sé ag súil go dtosnófaí ar an obair orṫa. D'freagair an tAire go raiḃ réiṁ-pleananna fá ċoinne an Cloċán os coṁair na Roinne, ó Ċoṁairle Co. na Gaillime, ar an 20-10-65. ⁊ go raiḃ siad faoi scrúdú fós. Ní ḃfuartas moltaí ar biṫ fá ċoinne leiṫreas poiblí ag An Cleigeann, Lionán, Clonbur, Uaċtar Ard, ná An Spidéal. Aċ, ṫuig sé go raiḃ an Coṁairle Co. ag ullṁú pleananna.

Tá brón fríd an ċeantar ar fad, go ḃfuil P. Mac an Ḃáird, B.Agr.Sc., aistríṫe ó Ċonamara Ṫiar go dtí Gort Inse Guaire. Rinne sé obair ṁór do Ḟeilméaraí Ċonamara, agus sa ċeantar mórtimpeall, ar feaḋ na mblianta a ḃí sé anseo.

Tá níos mó praifid le ḃaint as tógáil capaillíní Ċonamara ċuile bliain. Ar an Ṁáirt ag aonaċ bliantúil searraċ, An Cloċán, díolaḋ £60 ar searraċ óg amháin. Ceannaíoḋ na searraí go léir ċoṁ tapaí agus ab' féidir ar luaċa a ċuaiġ ó £40-£60 an ceann. Fiċe bliain ó ṡin, ḃí siad ag dul timpeall 30s. an ceann.

Tá áṫas ar muintir Lionáin fógra a ḟeiscint fá ċoinne doċtúir insan ċeantar. agus tá siad ag súil go mbeiḋ doċtúir ag cónaí insan ċeantar gan ṁoill. Fógraíoḋ freisin go raḃar ag iarraiḋ iarratasaí fá ċoinne doċtúir in Inis Bó Finne.

Sa Dáil, d'fiafraiġ S. Mac Eoċagáin, T.D., don Aire Rialtas Áitiúil, cé'n uair a ḃeaḋ an obair ag tosnú ar an scéim uisce réagúnaċ do Ċill Ċiaráin - Carna, Co. na Gaillime. D'freagair P. Ó Braonáin, T.D. — Ní féidir liom a rá cé'n uair a ṫosnóiḋ an obair. ar an scéim seo. Tugaḋ reiṁ-ṁoltaí don Roinn, ó Ċoṁairle Co. na Gaillwe, ar an 22-9-65, agus tá siad á scrúdú go fóill.